V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10647 – HOYA / BOE Vision / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 157/07)

1. An 4 Aibreán 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— HOYA Corporation ("HOYA", Japan),

— Beijing BOE Vision Electronic Technology Co., Ltd. ("BOE Vision", Daon-Phoblacht na Síne, faoi rialú BOE Technology Group Co., Ltd. (Daon-Phoblacht na Síne),

— HOYA BOE Microelectronics China Ltd., cuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í ("JV", People's Republic of China), faoi rialú comhpháirteach ag HOYA agus BOE Vision.

Gheobhaidh HOYA agus BOE Vision rialú comhpháirteach ar an JV de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann agus an chomhfhiontair nuabhunaithe:

— HOYA: taighde agus forbairt, táirgí leictreonacha a mhonarú agus a dhíol, lena n-áirítear ábhair fótamhascanna, fótamhascanna agus foshraitheanna gloine le haghaidh tiomantán diosca chrua,

— BOE Vision: monarú agus forbairt teicneolaíochta a bhaineann le taispeáint leachtchriostail, aistriú teicneolaíochta, comhairliúchán teicniúil agus seirbhísí teicniúla do theilifís ar taispeáint leachtchriostail, don teilifís agus do tháirgí agus do chórais deiridh eile,

— JV: táirgeadh agus díol fótamhascanna lena n-úsáid i dtáirgeadh taispeántí painéil comhréidh.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe maidir le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10647 – HOYA / BOE Vision / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË